Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9718/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0136(NLE)**

**TELECOM 176**
**CYBER 153**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 265 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 265 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 265 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2025
COM(2025) 265 final

2025/0136 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## (1) COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga')[1], ghlac an tAontas an chéad rialachán cuimsitheach maidir leis an intleacht shaorga, lena leagtar síos caighdeán ar fud an domhain. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024, comhchuibhítear go hiomlán na rialacha maidir le córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid sna Ballstáit[2], agus é ina chuspóir dó an nuálaíocht agus glacadh na hintleachta saorga iontaofa a chur chun cinn, agus san am céanna, sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha, lena n- áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus an comhshaol, á gcosaint.

Tá eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear Comhairle na hEorpa, tar éis dlús a chur lena n-iarrachtaí an intleacht shaorga a rialáil freisin, agus aitheantas á thabhairt acu do chineál trasteorann na hintleachta saorga agus don ghá atá le comhar idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna na dteicneolaíochtaí sin.

Idir mí an Mheithimh 2022 agus mí an Mhárta 2024, d'fhorbair Coiste Chomhairle na hEorpa um an Intleacht Shaorga (CIS)[3] Creat-Choinbhinsiún atá ceangailteach ó thaobh dlí de (dá ngairtear 'an Coinbhinsiún' anseo feasta) chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an intleacht shaorga do chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta.

An 17 Bealtaine 2024, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa téacs an Coinbhinsiún[4], d'aontaigh sé an Coinbhinsiún a oscailt lena shíniú i Vilnias (an Liotuáin) an 5 Meán Fómhair 2024, agus d'iarr sé ar Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, tríú tíortha eile a ghlac páirt ina dhréachtú agus an tAontas breithniú ar a shíniú an tráth sin, agus é á mheabhrú aige go bhfuil an Coinbhinsiún oscailte freisin d'aontachas ag Stáit eile nach Ballstáit iad[5].

Shínigh an Coimisiún an Coinbhinsiún an 5 Meán Fómhair 2024, ag leanúint ó ghlacadh Chinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle an 28 Lúnasa 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht reachta[6]. Shínigh Andóra, an Iorua, an Íoslainn, Iosrael, Montainéagró, Poblacht na Moldóive, an Ríocht Aontaithe, San Mairíne, an tSeoirsia agus Stáit Aontaithe Mheiriceá an Coinbhinsiún an tráth sin freisin. Tá sé ar oscailt lena shíniú ag Ballstáit eile Chomhairle na hEorpa agus ag Stáit nach Ballstáit iad

[1] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)

[2] An Gníomh um an Intleacht Shaorga, aithrisí 1 agus 8.

[3] Cinneadh maidir le hobair CIS ag an 132ú Seisiún den Choiste Airí – Obair leantach, CM/Inf(2022)20, DD(2022)245.

[4] Téacs Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta, Vilnias 5.IX.2024, CETS 225

[5] CM/Del/Dec(2024)133/4.

[6] Cinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle an 28 Lúnasa 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht reachta, ST/12385/2024/INIT, IO L, 2024/2218.

a ghlac páirt ina fhorbairt tráth ar bith. Tar éis dó a theacht i bhfeidhm, féadfaidh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, faoi réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 31 den Choinbhinsiún, a iarraidh ar aon Stát nach Ballstát de Chomhairle na hEorpa é agus nach raibh páirteach i ndréachtú an Choinbhinsiúin aontú don Choinbhinsiún.

Sa chomhthéacs sin, is é is cuspóir don togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle an próiseas a sheoladh chun go dtabharfar an Coinbhinsiún i gcrích thar ceann an Aontais faoi na téarmaí a leagtar amach i gCinneadh 2024/2218 ón gComhairle lena n-údaraítear é a shíniú. Le tabhairt i gcrích an chéad chomhaontaithe idirnáisiúnta maidir leis an intleacht shaorga, tugtar deis luachmhar don Aontas cur chuige coiteann a chothú maidir leis an intleacht shaorga a rialáil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus creat a chur ar fáil le haghaidh comhar le comhaltaí Chomhairle na hEorpa agus le tríú tíortha a bheidh ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún.

- **Ábhar an Choinbhinsiúin**

Is é is cuspóir don Choinbhinsiún seo a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga iomlán comhsheasmhach le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta.

Beidh ar na Páirtithe sa Choinbhinsiún é a chur chun feidhme trí bhearta iomchuí reachtacha, riaracháin nó eile chun éifeacht a thabhairt dá fhorálacha, de réir cur chuige céimnithe difreáilte, ag brath ar dhéine agus ar dhóchúlacht na ndrochthionchar. Ba cheart an Coinbhinsiún a chur chun feidhme san Aontas go heisiach tríd an nGníomh um an Intleacht Shaorga, lena gcomhchuibhítear go hiomlán na rialacha maidir le córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid, agus *acquis* ábhartha eile an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

Cumhdaítear le raon feidhme an Choinbhinsiúin córais intleachta saorga a d’fhéadfadh cur isteach ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, de réir cur chuige difreáilte. Beidh feidhm ag na prionsabail agus na hoibleagáidí atá beartaithe sa Choinbhinsiún maidir le gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga a ghabhann údaráis phoiblí orthu féin nó gníomhaithe príobháideacha ag gníomhú thar a gceann. Maidir leis an earnáil phríobháideach, tá sé d’oibleagáid ar na Páirtithe aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus tionchair, a eascraíonn as gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga a dhéanann gníomhaithe príobháideacha, ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóir agus críoch an Choinbhinsiúin ach tá sé de rogha acu oibleagáidí an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm nó bearta iomchuí eile a dhéanamh. Tá dréachtdearbhú lena gcuirtear oibleagáid ar an Aontas, tríd an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus trí *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais, na prionsabail agus na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidlí II go VI den Choinbhinsiún a chur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí gníomhaithe príobháideacha a chuireann córais intleachta saorga ar an margadh, a chuireann i mbun seirbhíse iad agus a úsáideann iad san Aontas, curtha i gceangal leis an togra seo le haghaidh an Chinnidh ón gComhairle.

Eisiatar gníomhaíochtaí intleachta saorga a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta ó raon feidhme an Choinbhinsiúin agus é le tuiscint nach mór iad a dhéanamh, in aon chás, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine agus le hurraim d’institiúidí daonlathacha agus do phróisis dhaonlathacha. Eisiatar ón gCoinbhinsiún freisin gníomhaíochtaí taighde agus forbartha maidir le córais intleachta saorga nár cuireadh ar fáil fós lena n-úsáid, ach amháin más rud é go bhféadfadh gníomhaíochtaí tástála nó gníomhaíochtaí comhchosúla cur isteach ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta. I gcomhréir le Reacht Chomhairle na hEorpa, ní thagann ábhair a bhaineann le cosaint náisiúnta faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin.

Ina theannta sin, déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sraith oibleagáidí ginearálta agus prionsabal bunúsach, lena n-áirítear dínit an duine agus an neamhspleáchas aonair a chosaint, chomh maith leis an gcomhionannas agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ina theannta sin, sainordaítear leis urraim don phríobháideachas agus do chosaint sonraí pearsanta mar aon le trédhearcacht agus formhaoirseacht chun cuntasacht agus freagracht a áirithiú. Tá prionsabal dírithe freisin ar an nuálaíocht shábháilte agus tástáil shábháilte i dtimpeallachtaí rialaithe.

Beartaítear freisin i gcaibidil thiomnaithe maidir le leigheasanna sraith beart arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh leigheasanna inrochtana agus éifeachtacha ar fáil ar sháruithe ar chearta an duine mar thoradh ar na gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga. Áirítear leis freisin ráthaíochtaí agus coimircí nós imeachta éifeachtacha le haghaidh daoine a ndearna úsáid córas intleachta saorga difear mór dá gcearta. Ina theannta sin, ba cheart fógra a thabhairt do dhaoine aonair go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga seachas le duine.

Áirítear sa Choinbhinsiún freisin caibidil maidir le bearta chun measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar dhrochthionchair atá le déanamh ar bhealach atriallach, chun tionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a shainaithint agus chun bearta coisctheacha agus maolaithe iomchuí a dhéanamh.

Thairis sin, foráiltear sa Choinbhinsiún gur cheart do na Páirtithe measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le toirmisc nó moratóirí ar fheidhmeanna áirithe córas intleachta saorga a mheastar a bheith ar neamhréir le hurraim do chearta an duine, feidhmiú an daonlathais nó an smacht reachta.

Foráiltear leis an gCoinbhinsiún sásra leantach laistigh de Chomhdháil na bPáirtithe, ar a mbeidh ionadaithe na bPáirtithe a rachaidh i gcomhairle le chéile go tréimhsiúil d'fhonn úsáid agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin a éascú.

Beartaítear leis an gCoinbhinsiún freisin sásra le haghaidh comhar idirnáisiúnta idir Páirtithe sa Choinbhinsiún agus sa chaidreamh le tríú tíortha agus le páirtithe leasmhara ábhartha araon, chun cuspóir an Choinbhinsiúin a bhaint amach.

Thairis sin, ba cheart do gach Páirtí sásra éifeachtach amháin nó níos mó a bhunú nó a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sa Choinbhinsiún, de réir mar a thugann na Páirtithe éifeacht dóibh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an gCoinbhinsiún, leagtar síos prionsabail agus oibleagáidí ginearálta maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint, prionsabail agus oibleagáidí atá go hiomlán comhsheasmhach agus ailínithe le cuspóirí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus leis na ceanglais mhionsonraithe maidir le córais intleachta saorga agus na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthraithe agus lucht cur in úsáid na gcóras sin.

Tá an sainmhíniú ar chóras intleachta saorga sa Choinbhinsiún ailínithe go hiomlán leis an sainmhíniú sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ós rud é go bhfuil an dá rud bunaithe ar an sainmhíniú ar na córais sin sna Prionsabail Intleachta Saorga ón Eagraíocht um Chomhar agus

Forbairt Eacnamaíochta[7], rud a áirithíonn comhthuiscint ar cé na teicneolaíochtaí digiteacha is intleacht shaorga iad.

Leis an gCoinbhinsiún agus leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga araon leantar cur chuige rioscabhunaithe maidir le rialáil córas intleachta saorga agus áirítear iontu forálacha sonracha maidir le measúnuithe riosca agus tionchair agus bearta maolaithe riosca. Áirítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, go háirithe, roinnt toirmisc ábhartha agus cásanna úsáide ardriosca le haghaidh córais intleachta saorga i ngach earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear i réimse an daonlathais agus an cheartais. Le rialacha agus nósanna imeachta mionsonraithe an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga a fhorbairt, a chur ar an margadh agus a chur in úsáid sna réimsí sin, áiritheofar, dá bhrí sin, go n-urramófar cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta ar feadh shaolré iomlán na hintleachta saorga.

Áirítear sa Choinbhinsiún prionsabail agus oibleagáidí a chumhdaítear cheana féin leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, amhail bearta chun cearta an duine a chosaint mar aon le sábháilteacht agus iontaofacht, cuntasacht agus freagracht, rialachas sonraí agus cosaint sonraí, trédhearcacht agus formhaoirseacht, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú, scileanna digiteacha agus an litearthacht dhigiteach.

Is gné choiteann eile den dá ionstraim dlí í an trédhearcacht, lena n-áirítear bearta maidir le hinneachar a ghintear leis an intleacht shaorga a shainaithint agus maidir le fógra a thabhairt do dhaoine a idirghníomhaíonn le córais intleachta saorga. Áirítear sa dá ionstraim dlí freisin forálacha ábhartha maidir le measúnuithe riosca agus tionchair agus bainistiú riosca, coimeád taifead, nochtadh (do chomhlachtaí agus údaráis údaraithe agus, de réir mar is iomchuí, do dhaoine a ndéantar difear dóibh), inrianaitheacht agus inmhínitheacht, an nuálaíocht shábháilte agus tástáil shábháilte i dtimpeallachtaí rialaithe, agus sraith beart chun leigheasanna éifeachtacha a chumasú, lena n-áirítear an ceart chun faisnéis a iarraidh ar údarás inniúil, í a fháil uaidh agus gearán a dhéanamh leis, agus coimircí nós imeachta.

Tá an córas formhaoirseachta atá beartaithe sa Choinbhinsiún go hiomlán comhsheasmhach freisin le córas cuimsitheach rialachais agus forfheidhmithe an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, arb é atá ann forfheidhmiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, le nósanna imeachta chun rialacha an Aontais a chur chun feidhme go comhsheasmhach ar fud na mBallstát. Go sonrach, beartaítear leis an gCoinbhinsiún sásra formhaoirseachta éifeachtach amháin nó níos mó ar an leibhéal náisiúnta nach mór dóibh a ndualgais a fheidhmiú go neamhspleách neamhchlaonta agus na cumhachtaí, an saineolas agus na hacmhainní is gá a bheith acu chun na cúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sa Choinbhinsiún, de réir mar a thugann na Páirtithe éifeacht dóibh.

Cé go mbeidh feidhm ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga a chuirtear ar an margadh, a chuirtear i mbun seirbhíse nó a úsáidtear san Aontas, tá raon geografach níos leithne ag an gCoinbhinsiún lena gcuimsítear Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus tríú stáit ar fud an domhain a d'fhéadfadh teacht chun bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Dá bhrí sin, is deis uathúil é an Coinbhinsiún chun intleacht shaorga iontaofa a chothú lasmuigh den Aontas sa chéad chonradh idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí

[7] Tugadh sainmhíniú ECFE ar 'chóras intleachta saorga' cothrom le dáta an 8 Samhain 2023 [C(2023)151 agus C/M(2023)14, Ítim 218] chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith cruinn go teicniúil agus forbairtí teicneolaíochta a léiriú, lena n-áirítear forbairtí maidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach.

agus atá bunaithe ar chur chuige láidir maidir le cearta an duine i leith rialáil na hintleachta saorga.

Is comhpháirteanna lárnacha iad an Coinbhinsiún agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga araon de chur chuige rialála maidir leis an intleacht shaorga, ag a bhfuil gealltanais chomhsheasmhacha a threisíonn a chéile ar an iliomad leibhéal idirnáisiúnta, agus a bhfuil sé de chuspóir coiteann acu intleacht shaorga iontaofa a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá cuspóirí coiteanna ag an gCoinbhinsiún freisin le beartais agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme[8].

Go sonrach, tá prionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear sa Choinbhinsiún lán-chomhsheasmhach le reachtaíocht an Aontais maidir le neamh-idirdhealú agus cuirfidh sé comhtháthú breithnithe maidir leis an gcomhionannas chun cinn i ndearadh, i bhforbairt agus in úsáid córas intleachta saorga agus i gcur chun feidhme éifeachtach an toirmisc ar an idirdhealú, dá bhforáiltear faoi dhlí idirnáisiúnta agus náisiúnta na bPáirtithe is infheidhme.

Thairis sin, tá an Coinbhinsiún comhsheasmhach le *acquis* an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[9] i ndáil leis na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint ag a bhfuil ráthaíochtaí agus coimircí éifeachtacha nach mór a bheith i bhfeidhm le haghaidh daoine aonair, i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta na bPáirtithe is infheidhme.

Maidir leis na bearta a bheartaítear sa Choinbhinsiún chun próisis dhaonlathacha na bPáirtithe a chosaint i gcomhthéacs gníomhaíochtaí laistigh de shaolré córais intleachta saorga, tá siad lán-chomhsheasmhach leis na cuspóirí agus leis na rialacha mionsonraithe sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha[10] (agus an Cód Iompair maidir le Bréagaisnéis[11]), lena rialaítear soláthar seirbhísí idirghabhálacha san Aontas agus arb é is aidhm dó timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a áirithiú ina n-urramaítear cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt. Chomh maith leis sin, tá siad comhsheasmhach leis an Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla[12] ina bhfuil ceanglas trédhearcachta sonrach nuair a úsáidtear córais intleachta saorga chun fógraí polaitiúla a scaipeadh. Tá siad comhsheasmhach freisin le beartais an Aontais i réimse an Daonlathais agus i dtoghcháin shaora chóra

8 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391–407.

9 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

10 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1-102.

11 Cód Iompair an Aontais maidir le Bréagaisnéis | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú

12 Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, PE/90/2023/REV/1, (IO L 2024/900, 20.3.2024).

athléimneacha[13], lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta 2020 um an daonlathas[14], an pacáiste maidir leis an daonlathas agus an tsláine le linn toghchán a neartú[15], agus le déanaí, pacáiste 2023 maidir le Cosaint an Daonlathais[16].

Tá an Coinbhinsiún comhsheasmhach le straitéis fhoriomlán dhigiteach an Aontais maidir lena rannchuidiú le teicneolaíocht a oibríonn do dhaoine a chur chun cinn, rud atá ar cheann de thrí phríomhcholún an treoshuímh bheartais agus na gcuspóirí a fógraíodh sa Teachtaireacht dar teideal 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'[17]. Tá sé d'aidhm ag Teachtaireacht sin a áirithiú go bhforbrófar an intleacht shaorga ar bhealaí ina dtugtar urraim do chearta an duine agus lena dtuilltear muinín na ndaoine, rud a fhágann go mbeidh an Eoraip oiriúnach don ré dhigiteach agus go ndéanfar an 'Deacáid Dhigiteach' de na blianta amach romhainn[18].

Thairis sin, tá roinnt cearta digiteacha agus prionsabail dhigiteacha sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití[19] atá ailínithe le cuspóirí agus prionsabail an Choinbhinsiúin, agus cur chuige láidir i leith na teicneolaíochta atá bunaithe ar chearta an duine á chur chun cinn leis an dá ionstraim.

Tá an Coinbhinsiún comhsheasmhach freisin le Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh[20], agus leis an straitéis Eorpach i ndáil le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)[21], arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar leanaí a chosaint, a urramú agus a chumhachtú ar líne, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le domhain fhíorúla nua agus leis an Intleacht Shaorga.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Cuirtear an togra le haghaidh cinneadh lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin thar ceann an Aontais faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE.

Foráiltear le bunús dlí nós imeachta an Chinnidh ón gComhairle – Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE – do chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, ar thogra ón gCoimisiún mar an t-idirbheartaí; i gcás comhaontú a chumhdaíonn réimse a bhfuil feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach maidir leis, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 218(8) CFAE do vótáil trí thromlach cáilithe chun an cinneadh ón gComhairle a ghlacadh.

---

13 An daonlathas a chosaint — An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

14 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/protecting-democracy_ga

15 https://commission.europa.eu/publications/reinforcing-democracy-and-integrity-elections-all-documents_en?prefLang=ga&etrans=ga

16 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cosaint an Daonlathais, COM/2023/630 final.

17 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Shaping Europe's Digital Future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] COM/2020/67 final.

18 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *, 2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade*, [Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití], COM/2021/118 final.

19 An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití COM(2022) 28 final.

20 *Communication from the Commission, EU strategy on the rights of the child* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis an Aontais um chearta an linbh], COM/2021/142 final

21 Teachtaireacht ón gCoimisiún: Cumhachtú digiteach (An chaoi le leanaí a chumhachtú ar bhealach níos fearr maidir le roghanna fónta a dhéanamh ar líne) (BIK+) (COM(2022) 212 final).

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an Chomhaontaithe. De réir an chásdlí, má léirítear le scrúdú ar bheart de chuid an Aontais go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann amháin díobh sin a shainaithint mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt, agus an ceann eile mar chuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bhunú ar bhunús dlí aonair, mar atá, an bunús dlí a éilítear de réir an phríomhchuspóra nó na príomh-chomhpháirte. Go heisceachtúil, má shuitear, ar an taobh eile, go bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú go comhuaineach leis an mbeart, nó go bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, ar comhpháirteanna iad atá nasctha go dlúth le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ionas go mbeidh forálacha éagsúla an Chonartha infheidhme, ní mór an beart a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla.

Maidir leis an mbunús dlí substainteach, tá raon feidhme ábhartha an Choinbhinsiúin cumhdaithe le raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, lena n- áirítear i ndáil leis an díolúine ón raon feidhme maidir le córais intleachta saorga a úsáidtear go heisiach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, slándála náisiúnta agus míleata. San anailís thuas léiríodh freisin go bhfuil na prionsabail agus na hoibleagáidí sa Choinbhinsiún cumhdaithe cuid mhór leis na ceanglais níos mionsonraithe maidir le córais intleachta saorga agus leis na hoibleagáidí sonracha atá ar sholáthraithe agus lucht cur in úsáid na gcóras sin faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, agus go bhfuil forluí eatarthu leo sin. Má ghlacann an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe agus má thugann an tAontas an Coinbhinsiún i gcrích, is éard a bheidh sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga an reachtaíocht phríomha ag an Aontas chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme i ndlíchóras an Aontais ag a bhfuil rialacha lán-chomhchuibhithe maidir le córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid san Aontas, rialacha a bheidh infheidhme go díreach i ngach Ballstát, mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga[22].

Ós rud é go bhfuil raon feidhme agus cuspóirí an Choinbhinsiúin ailínithe agus go hiomlán comhsheasmhach lena bhfuil sa Gníomh um an Intleacht Shaorga agus go bhfuil forluí suntasach idir an dá ionstraim dlí, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí substainteach chun an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích, arb é príomhbhunús dlí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga é.

Tá cineál na gcomhaontuithe idirnáisiúnta ('de chuid an Aontais amháin' nó 'measctha') ag brath ar chomhoiriúnacht an ábhair shonraigh le hinniúlacht eisiach nó inniúlachtaí comhroinnte an Aontais.

Le hAirteagal 3(2) CFAE, foráiltear go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas '*comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích ... a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú.*' D'fhéadfadh comhaontú idirnáisiúnta difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú más rud é go gcumhdaítear réimse an chomhaontaithe den chuid is mó le dlí an Aontais nó go bhfuil forluí aige leis[23].

Tá raon feidhme pearsanta an Choinbhinsiúin ailínithe go hiomlán leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga sa mhéid go gcumhdaítear leis an dá ionstraim dlí, i bprionsabal,

[22] Féach Airteagal 1 agus Aithris 1 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

[23] E.g. Cás C-114/12, An Coimisiún v An Chomhairle (Cearta Comharsanachta na nEagraíochtaí Craolacháin) ECLI:EU:C:2014:2151, míreanna 68-69; Tuairim 1/13 Aontachas tríú Stáit do Choinbhinsiún na Háige, EU:C:2014:2303, míreanna 71-74; Cás C-66/13 Green Network EU:C:2014:2399, míreanna 27-33; Tuairim 3/15 Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, ECLI:EU:C:2017:114, míreanna 105-108

gníomhaithe poiblí agus príobháideacha araon (maille le cur i bhfeidhm roghnach phrionsabail agus oibleagáidí an Choinbhinsiúin maidir le gníomhaithe príobháideacha seachas iad siúd atá ag gníomhú thar ceann údaráis phoiblí), agus san am céanna déantar gníomhaíochtaí intleachta saorga a bhaineann go heisiach leis an tslándáil náisiúnta, an t-arm agus an taighde a eisiamh ó na rialacha is infheidhme i raon feidhme ábhartha an dá ionstraim dlí.

Ós rud é go bhfuil forluí idir raon feidhme pearsanta agus ábhartha an Choinbhinsiúin agus a bhfuil ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga, d'fhéadfadh tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do rialacha coiteanna an Aontais nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas chun an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích agus ba cheart an Coinbhinsiún a shíniú thar ceann an Aontais mar chomhaontú 'de chuid an Aontais amháin', toisc gur síníodh é de bhun an údaraithe dá bhforáiltear le Cinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle.

- **Comhréireacht**

Ní théann an Coinbhinsiún thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a bhaint amach maidir le cur chuige comhleanúnach a fhorbairt i dtaca le rialáil na hintleachta saorga ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa Choinbhinsiún creat dlíthiúil ardleibhéil le haghaidh na hintleachta saorga a fhágann go bhfuil solúbthacht ann, rud a chuireann ar a gcumas do na Páirtithe na creataí cur chun feidhme a dhearadh go nithiúil. Leis an gcur chuige rioscabhunaithe, áirithítear comhréireacht na rialacha freisin agus cumasaítear difreáil na mbeart cur chun feidhme ar bhealach atá comhréireach leis na rioscaí, ar chaoi atá cosúil leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

- **An rogha ionstraime**

Is í an ionstraim a roghnaíodh togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle de bhun Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Cearta bunúsacha**

Is é is aidhm don Choinbhinsiún aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta an duine trína áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga i gcomhréir le prionsabail na hurraime do chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, agus aitheantas a thabhairt san am céanna d'acmhainneacht na hintleachta saorga feidhmiú na gceart sin sa timpeallacht dhigiteach a chosaint agus a éascú, agus folláine na sochaí agus an chomhshaoil a fheabhsú mar aon le dul chun cinn teicneolaíoch.

Tá sé beartaithe leis na prionsabail agus na hoibleagáidí coincréiteacha atá beartaithe sa Choinbhinsiún cearta an duine a chosaint agus a urramú, cearta a chumhdaítear san iliomad

ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha[24], de réir mar is infheidhme maidir leis na Páirtithe, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus ionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine atá tugtha i gcrích ag an Aontas.

Dá bhrí sin, leagtar síos sa Choinbhinsiún íoschaighdeán coiteann maidir le cosaint chearta an duine a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hintleachta saorga, agus, an tráth céanna, na cosaintí atá ann faoi láthair maidir le cearta an duine a choimirciú agus a fhágáil gur féidir leis na Páirtithe cosaint níos leithne a sholáthar le coimircí níos déine.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beartaítear leis an gCoinbhinsiún ranníocaíochtaí airgeadais ó Stáit nach Ballstáit iad le gníomhaíochtaí Chomhdháil na bPáirtithe. Cé go ndéanfaidh Ballstáit uile Chomhairle na hEorpa ranníocaíochtaí trí ghnáthbhuiséad Chomhairle na hEorpa i gcomhréir le Reacht Chomhairle na hEorpa, déanfaidh na Páirtithe nach Ballstáit iad ranníocaíochtaí seachbhuiséadacha. Déanfaidh an Coiste Airí agus an Páirtí nach Ballstáit de Chomhairle na hEorpa é ranníocaíocht an Pháirtí nach Ballstát é a bhunú go comhpháirteach.

Ní chuireann an Coinbhinsiún isteach ar dhlíthe agus rialacháin náisiúnta na bPáirtithe lena rialaítear inniúlachtaí agus nósanna imeachta buiséadacha le haghaidh leithreasuithe buiséadacha. Ní shonraítear sa Chreat-Choinbhinsiún an fhoirm ina mbunófar ranníocaíochtaí na bPáirtithe nach comhaltaí de Chomhairle na hEorpa iad, lena n-áirítear na méideanna agus módúlachtaí. Is é an Creat-Choinbhinsiún féin agus an gníomh/na gníomhartha lena mbunaítear an ranníocaíocht sin a bheidh mar bhunús dlí do ranníocaíocht na bPáirtithe sin[25].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh Comhdháil na bPáirtithe, ar a bhfuil ionadaithe na bPáirtithe, faireachán ar chur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin ag na Páirtithe agus déanfaidh sí moltaí sonracha chuige sin. Féachfaidh Comhdháil na bPáirtithe freisin ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún.

Beidh ar gach Páirtí tuarascáil a chur faoi bhráid Chomhdháil na bPáirtithe a bheidh dlite laistigh den chéad 2 bhliain ó theacht isteach sa Choinbhinsiún agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, ina sonrófar na bearta a rinneadh chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme. Moltar do na páirtithe a thuilleadh oibriú i gcomhar chun aidhmeanna an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh. Féadfar a áireamh sa chomhar idirnáisiúnta sin comhroinnt faisnéise ábhartha maidir leis an intleacht shaorga agus an acmhainneacht atá aici drochthionchar nó tionchar dearfach a imirt ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta.

---

[24] Amhail Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine 1948, Coinbhinsiún um Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint 1950 (ETS Uimh. 5), an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla 1966, an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha 1966, Cairt Shóisialta na hEorpa 1961 (ETS Uimh. 35), chomh maith lena bprótacail féin, agus Cairt Shóisialta na hEorpa 1996 (athbhreithnithe) (ETS Uimh. 163); Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989 agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2006.

[25] Féach mír 134. den Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht reachta

Chun faireachán agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a áirithiú, beidh ar gach Páirtí sásra formhaoirseachta éifeachtach amháin nó níos mó a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar faireachán ar an gCoinbhinsiún agus go gcuirfear chun feidhme é, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Sna haithrisí den togra seo maidir leis an gCoinbhinsiún a thabhairt i gcrích deimhnítear gur cheart don Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, ar thogra ón gCoimisiún, cinntí a ghlacadh lena mbunófar na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhdháil na bPáirtithe nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, go háirithe Rialacha Nós Imeachta Chomhdháil na bPáirtithe. Agus na Rialacha Nós Imeachta sin á gcaibidliú, rialacha atá le glacadh de chomhthoil laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin[26], beidh an tAontas ag iarraidh a áirithiú go dtabharfar 27 vóta dó, ar léiriú é ar líon a Bhallstát. I gcás ina dtabharfar na 27 vóta don Aontas, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall, agus ionadaíocht á déanamh aige thar ceann an Aontais, chun a áirithiú go mbeidh comhordú níos fearr ann leis na Ballstáit chun seasaimh aonfhoirmeacha a chur in iúl os comhair Chomhdháil na bPáirtithe agus a cheart vótála a fheidhmiú thar ceann an Aontais. Tá comhordú níos fearr den sórt sin an-ábhartha ós rud é comhaltaí de Chomhairle na hEorpa iad na Ballstáit uile freisin agus ag féachaint don intleacht shaorga a bhíonn ag athrú go tapa, chomh maith lena riachtanaí atá creat comhleanúnach is infheidhme ar fud an domhain sa réimse. Chun a áirithiú go gcuirfear feabhas ar an gcomhordú, ba cheart don Chomhairle a bheith rannpháirteach agus aon seasamh á cheapadh, gan beann ar an gcineál seasaimh a bheidh i gceist, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar Airteagal 16(1) CAE agus Airteagal 218(9) CFAE. Mura n-éireoidh leis an Aontas 27 vóta a bhaint amach, in ainneoin a dhícheall, chun a áirithiú go mbeidh líon vótaí ag an Aontas a léiríonn a thábhacht i gComhairle na hEorpa agus a chuirfidh ar a chumas a leasanna a chosaint go hiomchuí, molfaidh an Coimisiún go dtabharfaí de chumhacht do na Ballstáit, faoi Airteagal 2(1) CFAE agus le lánurraim d’inniúlacht eisiach an Aontais, aontú don Choinbhinsiún in éineacht leis an Aontas.

Iarrfaidh an Coimisiún ar gach Ballstát ionadaí amháin a chur i dteannta ionadaí an Choimisiúin mar chuid de thoscaireacht an Aontais chuig cruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe. Tá prionsabal an chomhair dhílis le hurramú.

[26] De réir Airteagal 30(3) den Choinbhinsiún, tiocfaidh sé *i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh deireadh tréimhse 3 mhí tar éis an dáta a léireoidh cúig sínitheoir, lena n-áirítear trí Bhallstát ar a laghad de Chomhairle na hEorpa, go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún*.

2025/0136 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle[27], shíníodh Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta ('an Coinbhinsiún') an 5 Meán Fómhair 2024 thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Leis an gCoinbhinsiún, leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na hoibleagáidí ba cheart do na Páirtithe sa Choinbhinsiún a urramú chun cosaint chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta a áirithiú i ndáil leis na gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga ('IS').

(3) An 13 Meitheamh 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] ar bhonn Airteagail 16 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), Rialachán ina bhfuil rialacha atá comhchuibhithe, bunaithe go ginearálta ar chomhchuibhiú iomlán, lena rialaítear córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid san Aontas. Tá na rialacha sin infheidhme go díreach sna Ballstáit, mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite leis an Rialachán sin. Cuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme san Aontas go heisiach trí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus trí *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

(4) Eisiatar gníomhaíochtaí a dhéantar le linn shaolré na gcóras intleachta saorga a bhaineann le leasanna slándála náisiúnta a chosaint ó raon feidhme an Choinbhinsiúin. Ina theannta sin, déantar córais intleachta saorga a chuirtear ar an

---

27 Cinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle an 28 Lúnasa 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht reachta, ST/12385/2024/INIT, IO L, 2024/2218, 4.9.2024.

28 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (Gníomh um an Intleacht Shaorga), IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

margadh, a chuirtear i mbun seirbhíse, nó a úsáidtear le modhnú nó gan mhodhnú go heisiach chun críoch slándála náisiúnta, agus aschur córas intleachta saorga a úsáidtear san Aontas go heisiach chun na gcríoch sin, a eisiamh ó Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arb é príomhghníomh dlí an Aontais lena gcuirtear an Coinbhinsiún chun feidhme, gan beann ar an gcineál eintitis a dhéanann na gníomhaíochtaí sin. Thairis sin, fanfaidh an tslándáil náisiúnta ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin, dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Dá bhrí sin, ba cheart na teorainneacha a leagtar amach thuas a urramú leis an seasamh ón Aontas a cuireadh in iúl i gComhdháil na bPáirtithe, a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún staonadh ó phlé nó aon seasamh a ghlacadh maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar le linn shaolré na gcóras intleachta saorga a bhaineann le leasanna slándála náisiúnta a chosaint sna cruinnithe a bhíonn ag Comhdháil na bPáirtithe.

(5) Ós rud é go bhfuil raon feidhme pearsanta agus ábhartha an Choinbhinsiúin, agus forálacha substainteacha an Choinbhinsiúin ag teacht den chuid is mó le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a chomhlánaítear le *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais, d'fhéadfadh tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do rialacha coiteanna an Aontais nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) de CFAE. Áirítear ar *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais gníomhartha dlí arb é is aidhm dóibh cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, mar shampla reachtaíocht an Aontais maidir le neamh-idirdhealú, lena n-áirítear Treoir 2000/43/CE ón gComhairle[29] agus Treoir 2000/78/CE ón gComhairle[30]; *acquis* an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear Rialacháin (AE) 2016/679[31] agus (AE) 2022/2065[32] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arb é is aidhm dóibh timpeallacht shábháilte intuartha iontaofa ar líne a áirithiú ina n-urramaítear cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt; Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla[33]; agus reachtaíocht maidir le sábháilteacht táirgí agus reachtaíocht maidir leis an dliteanas i leith táirgí lochtacha, lena n-áirítear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle[34]. Dá bhrí sin, tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas chun an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích. Dá bharr sin, níor cheart ach an tAontas a bheith ina Pháirtí sa Choinbhinsiún.

---

29 Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

30 Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

31 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

32 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

33 Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla (IO L, 2024/900, 20.3.2024, ELI:: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/900/oj).

34 Treoir (AE) 2024/2853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle, PE/7/2024/REV/1, IO L, 2024/2853, 18.11.2024.

(6) Beidh ról tábhachtach ag Comhdháil na bPáirtithe i gcur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear trí mholtaí sonracha a dhéanamh maidir lena léirmhíniú agus lena chur i bhfeidhm. Féachfaidh Comhdháil na bPáirtithe freisin ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún. I gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, ba cheart don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinntí a ghlacadh lena mbunófar na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhdháil na bPáirtithe nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, go háirithe Rialacha Nós Imeachta Chomhdháil na bPáirtithe. Agus na Rialacha Nós Imeachta sin á gcaibidliú, rialacha atá le glacadh de chomhthoil laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin, beidh an tAontas ag iarraidh a áirithiú go dtabharfar 27 vóta dó, ar léiriú é ar líon a Bhallstát. I gcás ina dtabharfar na 27 vóta don Aontas, ba cheart don Choimisiún, agus ionadaíocht á déanamh aige thar ceann an Aontais, a áirithiú go mbeidh comhordú níos fearr ann leis na Ballstáit chun seasaimh aonfhoirmeacha a chur in iúl laistigh de Chomhdháil na bPáirtithe agus a cheart vótála a fheidhmiú thar ceann an Aontais. Tá comhordú níos fearr den sórt sin an-ábhartha ós rud é comhaltaí de Chomhairle na hEorpa iad na Ballstáit uile freisin agus ag féachaint don intleacht shaorga a bhíonn ag athrú go tapa, chomh maith lena riachtanaí atá creat comhleanúnach is infheidhme ar fud an domhain i réimse na hintleachta saorga. Chun a áirithiú go gcuirfear feabhas ar an gcomhordú, ba cheart don Chomhairle a bheith rannpháirteach agus aon seasamh á cheapadh, gan beann ar an gcineál seasaimh a bheidh i gceist, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar Airteagal 16(1) CAE agus Airteagal 218(9) CFAE. Mura n-éireoidh leis an Aontas 27 vóta a bhaint amach, in ainneoin a dhícheall, chun a áirithiú go mbeidh líon vótaí ag an Aontas a léiríonn a thábhacht i gComhairle na hEorpa agus a chuirfidh ar a chumas a leasanna a chosaint go hiomchuí, ba cheart don Choimisiún a mholadh go dtabharfaí de chumhacht do na Ballstáit, faoi Airteagal 2(1) CFAE agus le lánurraim d'inniúlacht eisiach an Aontais, aontú don Choinbhinsiún in éineacht leis an Aontas.

(7) Iarrfaidh an Coimisiún ar gach Ballstát ionadaí amháin a chur i dteannta ionadaí an Choimisiúin mar chuid de thoscaireacht an Aontais chuig cruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe. Tá prionsabal an chomhair dhílis le hurramú.

(8) Maidir le haon chomhaontú eile a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích amach anseo faoi choimirce Chomhairle na hEorpa nó i bhfóraim idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear i réimse na hintleachta saorga, agus maidir le haon leasú ar an gCoinbhinsiún, ba cheart roinnt na n-inniúlachtaí seachtracha idir an tAontas agus na Ballstáit a mheas i bhfianaise ghnéithe sonracha gach ionstraime mar sin. Tá sé ríthábhachtach go bhféadfaidh an tAontas agus a Bhallstáit leanúint dá ról díreach gníomhach a imirt agus guth an Aontais á chur in iúl agus a leasanna á gcosaint, ar bhealach comhsheasmhach comhordaithe, i gcomhréir go hiomlán leis na Conarthaí.

(9) Ba cheart an Coinbhinsiún a fhormheas thar ceann an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar tabhairt i gcrích Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta ('an Coinbhinsiún') a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Choinbhinsiúin atá le tabhairt i gcrích i gceangal leis an gCinneadh seo mar Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar na Dearbhuithe atá le cur faoi bhráid Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, atá i gceangal leis an gCinneadh seo in Iarscríbhinn II, a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme san Aontas go heisiach trí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus trí *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*